



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 8 Bealtaine 2025 (iarraidh ar réamhrialú
ón Hof van beroep te Antwerpen – an Bheilg) – Beevers Kaas BV v Albert Heijn België NV,
Koninklijke Ahold Delhaize NV, Albert Heijn BV, Ahold België BV**

(Cás C-581/23 ⁽¹⁾, Beevers Kaas)

*(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Cairtéil – Toirmeasc – Comhaontuithe ingearacha –
Airteagal 101(3) CFAE – Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 – Blocdhíolúine – Airteagal 4(b)(i) –
Cruashrian lena gcuirtear deireadh le tairbhe na díolúine sin – Eisceacht – Comhaontuithe um dháileadh
eisiach – Srian ar dhíolacháin ghníomhacha i gcríoch eisiach – An coincheap ‘comhaontú’ – Rún
comhsheasmhach ag an tsoláthróir agus a cheannaitheoirí – Fianaise – Críoch eisiach arna leithdháileadh ar
cheannaitheoir – Easpa díolacháin ghníomhacha ag ceannaitheoirí eile sa chríoch sin)*

(C/2025/3378)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Hof van beroep te Antwerpen

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Beevers Kaas BV

Cosantóir: Albert Heijn België NV, Koninklijke Ahold Delhaize NV, Albert Heijn BV, Ahold België BV

idiragraí: B. A. Coöperatieve Zuivelonderneming Cono,

An chuid oibríochtúil

1. Maidir le hAirteagal 4(b)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le hAirteagal 101(3) [CFAE] a chur i bhfeidhm i ndáil le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe

ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas:

i gcás inar leithdháil soláthróir críoch eisiach ar cheann dá cheannaitheoirí, nach leor an cinneadh nach dtéann ceannaitheoirí eile an tsoláthróra sin i mbun díolacháin ghníomhacha sa chríoch sin chun a shuí gurb ann do chomhaontú idir an tsoláthróir sin agus na ceannaitheoirí eile sin maidir leis an toirmeasc ar dhíolacháin ghníomhacha sa chríoch sin, chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm.

2. Maidir le hAirteagal 4(b)(i) de Rialachán Uimh. 330/2010

ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas:

go ndeonaítear tairbhe na heisceachta dá bhforáiltear san fhoráil sin ar feadh na tréimhse ina léirítear go dtoilíonn ceannaitheoirí an tsoláthróra le cuireadh an tsoláthróra gan díolacháin ghníomhacha a dhéanamh sa chríoch eisiach a leithdháiltear ar cheannaitheoir eile.

⁽¹⁾ IO C, C/2023/1435.